2023/2573

14.11.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2573 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Samhain 2023

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2022/2309 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2309 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití ([1]), agus go háirithe Airteagal 16(3) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2022/2309.

(2) An 20 Deireadh Fómhair 2023, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 2653 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiúin Aontaithe, an fhaisnéis a bhaineann le duine amháin sa liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2309 a nuashonrú.

(3) Ba cheart dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2022/2309 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2309 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Samhain 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

([1]) IO L 307, 28.11.2022, lch. 17.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2309, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 1:

'1. Bhí **Jimmy CHERIZIER** (ar a dtugtar freisin 'Barbeque') ag gabháil do ghníomhartha a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Háití i mbaol agus rinne sé gníomhartha a phleanáil, a stiúradh, nó a dhéanamh ar sháruithe tromchúiseacha ar chearta an duine iad. Tá Jimmy Cherizier ar na ceannairí droinge is mó tionchar i Háití agus is é atá i gceannas ar chomhghuaillíocht de dhronga Háití ar a dtugtar 'G9 Family and Allies' ('Teaghlaigh agus Comhghuaillithe G9'].

Feidhm: Iar-Phóilín

Dáta breithe: 30 Márta 1977

Áit bhreithe: Port-au-Prince, Háití

Náisiúntacht: Ó Háití

Uimhir aitheantais náisiúnta: 001-843-989-7 (NIF – Háití)

Seoladh: 16, Imp Manius, Delmas 40 B, Port-au-Prince, Háití

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: an 21 Deireadh Fómhair 2022

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Agus é ar seirbhís mar oifigeach i bPóilíní Náisiúnta Háití, rinne Cherizier an t-ionsaí marfach i mí na Samhna 2018 ar shibhialtaigh i gcomharsanacht in Port-au-Prince ar a dtugtar La Saline, a phleanáil agus ghlac sé páirt ann. Le linn an ionsaithe seo maraíodh ar a laghad 71 duine, scriosadh os cionn 400 teach agus rinne dronga armtha éigniú ar sheachtar ban ar a laghad. Le linn 2018 agus 2019, bhí Cherizier i gceannas ar ghrúpaí armtha in ionsaithe comhordaithe brúidiúla i gcomharsanachtaí Port-au-Prince. I mí na Bealtaine 2020, bhí Cherizier i gceannas ar dhronga armtha in ionsaí 5 lá i gcomharsanachtaí éagsúla de chuid Port-au-Prince inar maraíodh sibhialtaigh agus inar cuireadh tithe trí thine. Ón 11 Deireadh Fómhair 2022 ar aghaidh, tá Cherizier agus a chónaidhm de dhrong 'Teaghlaigh agus Comhghuaillithe G9' ag cur bac gníomhach ar shaorghluaiseacht breosla ó chríochfort breosla Varreux – an críochfort breosla is mó i Háití. Chuir a chuid gníomhaíochtaí go díreach leis an bpairilís eacnamaíoch agus leis an ngéarchéim dhaonnúil i Háití.'.